Abair leat faoin athbhreithniú ar an sprioc náisiúnta bochtaineacht

Abair leat faoin athbhreithniú

Tá **an tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton, T.D.** i bhfeighil ar athbhreithniú rialtais ar an sprioc náisiúnta bochtaineachta. Tá comhairliúchán poiblí ar an athbhreithniú seolta ag an Aire Burton agus tugann sí cuireadh do na geallsealbhóirí ar fad a dtuairimí a chur in iúl.

Is féidir do thuairim a chur in iúl ag:

Ceardlanna áitiúla le haghaidh ionadaithe pobail agus daoine a bhfuil taithí acu ar bhochtaineacht. I mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Muineachán a bheidh na ceardlanna sin i mí Mheán Fómhair agus Deireadh Fómhair

Suirbhé ar líne chun tuairimí daoine aonair agus eagraíochtaí a fháil i dtaobh an athbhreithnithe ar an sprioc bochtaineachta. Beidh an suirbhé ar oscailt go dtí an 21 Deireadh Fómhair, 2011.

Breithneoidh **an Fóram um Chuimsiú Sóisialta bliantúil** príomhcheisteanna an athbhreithnithe. Ar an 9 Samhain, in Ionad F2, Fatima, Baile Átha Cliath 8 a bheidh an fóram.

I mí Mheán Fómhair eagrófar **ceardlann theicniúil do shaineolaithe** i dtaighde bochtaineachta ó ranna agus ó ghníomhaireachtaí rialtais, do na comhpháirtithe sóisialta, d'acadóirí agus d'eagraíochtaí taighde.

Cruinnithe déthaobhacha leis na comhpháirtithe soisialta i mí Dheireadh Fómhair.

Tá páipéar comhairliúcháin ullmhaithe ag an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta, ina leagtar amach an cúlra leis an sprioc náisiúnta bochtaineachta agus ina n-aithnítear na príomhcheisteanna a bheidh le breithniú. Tá súil an t-athbhreithniú a bheith críochnaithe faoi dheireadh Shamhain 2011.
Gheofar eolas breise agus páipéir chúlra ag www.socialinclusion.ie
Is féidir ceist ar bith ina thaobh seo a chur ar an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta ag socialinclusion@welfare.ie agus ag 01-7043245.